Gaeltacht an Oileáin Úir
The North American Gaeltacht

# Polasaí um Chosaint Leanaí

Bíonn ceangal ar Chumann na Gaeltachta maidir le leas agus cosaint na leanaí ina chúram. Aithníonn Cumann na Gaeltachta a fhreagracht chun coimirce agus cosaint leanaí a chur chun cinn, agus leanaí a chumhdach ó dhochar, drochíde, agus dúshaothrú.

De réir an pholasaí seo, agus aon nósanna imeachta a bhaineann leis, aithnítear leanbh mar dhuine faoi bhun 18 mbliana d'aois. Oibreoidh baill fhoirne agus saorálaithe chun éagsúlacht agus ilchineálacht a ghlacadh agus meas a thabhairt ar chearta leanaí agus daoine óga.

## Na Prionsabail Bhunaidh

Tá Polasaí un Chosaint Leanaí Chumann na Gaeltachta bunaithe ar na prionsabail seo:

• Is é leas leanaí é an príomhchúram.

• Tá ceart chun cosaint ó gach díobháil agus drochíde ag gach leanbh, is cuma cén aois, cultúr, míchumas, inscne, teanga, cine, stádas socheacnamaíoch, creideamh, nó gnéaschlaonadh atá acu.

• Tá gach duine freagrach as cosaint leanaí.

• Tá sé de cheart ag leanaí a dtuairimí a léiriú ar aon ábhar a bhaineann leo, más mian leo.

• Oibreoidh Cumann na Gaeltachta i gcomhpháirtíocht le leanaí agus a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí

chun leas, sláinte, agus forbairt leanaí a chur chun cinn.

## Gealltanais

Tá sé de dhualgas ar Chumann na Gaeltacta chun:

• Sláinte agus leas leanaí a chur chun cinn trí deiseanna a ofráil dóibh chun páirt a ghlacadh go sábháilte in imeachtaí na Gaeltachta.

• Meas agus aird a thabhairt do chearta, mianta agus mothúcháin leanaí.

• Nósanna imeachta cuí a chur i bhfeidhm agus chun cinn chun folláine na leanaí agus iad a chosaint ó dhrochíde.

• Baill fhoirne agus saorálaithe a earcú, a oiliúint, a thacú, agus a stiúradh sna dea-chleachtais chun leanaí a chosaint ó dhrochíde agus aon riosca ortu féin a laghdú.

• Riachtanas a éileamh ó bhaill fhoirne agus saorálaithe an Polasaí um Chosaint Leanaí seo a ghlacadh agus a chloí leis.

• Freagra a thabhairt/dhéanamh ar aon líomhain mí-iompair nó drochíde in aghaidh linbh I gcomhréir leis an bPolasaí seo agus na nósanna imeachta, na gníomhartha smachtaithe, agus an nós achomharic.

• Cloí leis na treoirlínte ag an Ontario Children's Aid Society maidir le cosaint leanaí.

• Súil a choinneáil agus meas a dhéanamh ar fheidhmiú an Pholasaí seo agus na nósanna imeachta.

## Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú go rialta ar an bPolasaí agus nósanna Imeachta seo:

• I gcomhréir le athruithe sa reachtaíocht nó sa ghnánósanna imeacht nó i ndiaidh aon athrú taobh istigh Chumann na Gaeltachta.

• Tar éis léiriú aon imní nó fadhb le Cumann na Gaeltachta i dtaobh cosaint leanaí.

• I ngach cás eile, gach trí bliana ar a laghad.